Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10437/22**

**AG 70**
**INST 245**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 404 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN<br>Teachtaireacht ón gCoimisiún ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 404 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 404 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2022
COM(2022) 404 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# AN CHOMHDHÁIL AR THODHCHAÍ NA hEORPA
**Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís**

*‘Dúinne san Eoraip, is í an chuimhne atá againn ar an am a chuaigh thart a mhúnlaigh ár dtodhchaí i gcónaí. Agus is tábhachtaí sin fós tráth atá an rud nach bhféadfaí a shamhlú tar éis filleadh ar an mór-roinn seo againne. Leis na hiarrachtaí mínáireacha atá déanta ag an Rúis na léarscáileanna a atarraingt agus athscríobh a dhéanamh ar na codanna is tragóidí dár stair go fiú, meabhraítear dúinn an chontúirt a bhaineann le tuiscint a chailleadh ar ár stair agus ar ár dtodhchaí araon. An chontúirt a bhaineann le bheith ag maireachtáil go síoraí san am i láthair agus le bheith ag smaoineamh nach dtiocfaidh athrú ar an saol choíche. Nach féidir bealaí níos fearr a bheith ann chun rudaí a dhéanamh. Agus níos measa fós: Go mbeidh rudaí i gcónaí mar an gcéanna ach sinn fanacht mar atáimid gan athrú. Tá sé sin go hiomlán mícheart! Is ionann fanacht mar atáimid agus dul ar gcúl.’*

*An tUachtarán von der Leyen, an 9 Bealtaine 2022, searmanas clabhsúir na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa*

# 1. RÉAMHRÁ

Tá sé á rá le fada gur féidir leis an Aontas Eorpach athruithe tapa fónta a dhéanamh nuair is gá dó. ‘Gaibhneofar an tAontas in aimsir géarchéimeanna agus na réitigh a ghlacfar le linn na ngéarchéimeanna sin, is iad a bheidh de dhlúth agus d’inneach ann.’ Is minic a luaitear an líne sin de chuid Jean Monnet agus b’fhíor di an chuid is mó de stair an Aontais – go háirithe le dhá bhliain anuas agus muid ag tabhairt aghaidh le chéile ar phaindéim dhomhanda agus ar chogadh brúidiúil ionsaitheach ar leac an dorais againn. Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar éilimh shaoránaigh na hEorpa go ndéanfaí athrú agus athchóiriú, agus go n-oibreofaí chun an Eoraip a fheabhsú mar is mian leo féin. Is é sin an fáth ar iarr an tUachtarán von der Leyen Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ina Treoirlínte Polaitiúla i mí Iúil 2019, mar chuid d’fhís nua do dhaonlathas na hEorpa – agus ar thug sí gealltanas obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na Comhdhála.

Is ar Lá na hEorpa 2021 a cuireadh tús leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, a mhair ar feadh bliana, agus ba ghníomh uile-Eorpach gan fasach sa daonlathas dioscúrsach í – an ceann ba mhó agus ba leithne dá leithéid a chonacthas riamh. Chruthaigh an Chomhdháil nasc idir daoine ó gach aois, gach tír agus gach cúlra, agus bhí cuid mhór acu ann nach raibh aon teagmháil acu leis an Eoraip riamh roimhe nó nach raibh cur amach acu ar chomhdhéanamh institiúideach an Aontais Eorpaigh. Thug siad ar fad a scéalta agus a ndearcthaí éagsúla, a dteangacha éagsúla agus a bhféiniúlachtaí éagsúla leo chun an méid a bhfuil siad ag súil leis ón Eoraip a leagan amach agus chun fís do thodhchaí na hEorpa a fhí le chéile.

Agus é sin á dhéanamh acu, léirigh an Chomhdháil agus a rannpháirtithe an luach agus an gá atá le rannpháirtíocht na saoránach i múnlú na mbeartas a mbíonn tionchar acu ar a saol. Chuir sé beocht nua sa dóigh a n-oibríonn daonlathas srathach na hEorpa agus léirigh sé go bhféadfadh fíorspás poiblí Eorpach a bheith ann ina mbeadh daoine as gach cearn den Aontas in ann plé a dhéanamh ar na saincheisteanna is mó a bhaineann leo.

Eiseamláir de sin a bhí sa bhealach ar phléigh saoránaigh agus institiúidí, reachtóirí agus tuataí saincheisteanna bunúsacha ár linne agus ar mhol siad réitigh éagsúla i réimsí lena saineofar todhchaí na hEorpa: an t-athrú aeráide agus an comhshaol, an digitiú agus an daonlathas, an tsláinte agus an ceartas sóisialta agus an comhionannas, an geilleagar agus an tslándáil, luachanna agus an cultúr – agus go leor eile nach iad. Ar ndóigh, chuaigh comhthéacs an lae inniu i bhfeidhm ar an toradh deiridh freisin, go háirithe na géarchéimeanna a raibh ar an Eoraip aghaidh a thabhairt orthu le dhá bhliain anuas. Léiríodh an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar ár sláinte agus ar ár ngeilleagair i

ngach ábhar a pléadh, agus chuir cogadh gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin béim láidir ar an ngá atá le hEoraip a bheith níos láidre sa domhan, Eoraip a bheadh réidh chun síocháin agus luachanna a chaomhnú mar atá déanta aici le breis agus 70 bliain anuas.

Cé go bhfuil beart déanta ag an gComhdháil maidir le cainníocht agus cáilíocht na dtograí, ar deireadh beidh rath foriomlán na Comhdhála ag brath ar an athrú is féidir léi a chur i gcrích. Den mheon sin, gheall an Coimisiún Eorpach, mar aon le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon, i nDearbhú Comhpháirteach i mí an Mhárta 2021 obair leantach a dhéanamh ar a bhfuil beartaithe – gach ceann acu ag feidhmiú faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí agus i gcomhréir leis na Conarthaí. D'athdhearbhaigh an tUachtarán von der Leyen an gealltanas sin ag searmanas clabhsúir na Comhdhála an 9 Bealtaine 2022.

Is í an Teachtaireacht seo an chéad chéim den obair leantach sin. Déantar measúnú inti ar an méid atá de dhíth chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí na Comhdhála, tugtar léargas ar na chéad chéimeanna eile agus leagtar amach an bealach is fearr chun foghlaim ó cheachtanna na Comhdhála agus daonlathas rannpháirteach a leabú i bpróiseas ceaptha beartas agus reachtóireachta an Aontais.

## 2. AN OBAIR LEANTACH: Ó MHOLTAÍ GO GNÍOMH

Tá tograí na Comhdhála, a leagtar amach sa tuarascáil deiridh a tugadh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, d'Uachtarán na Comhairle agus d'Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, tá siad fadréimseach, uaillmhianach agus fadbhreathnaitheach. Tá siad struchtúrtha thart ar naoi dtéama leathana, le forluí nádúrtha idir roinnt de na bearta atá molta.

### An Chomhdháil: a lán tograí, aon fhís amháin

Le linn na bliana d'imeachtaí, bailíodh díospóireachtaí agus smaointe na bpainéal saoránach ar líne agus rinneadh 49 dtogra agus 326 bheart ar leith[1] díobh, iad bunaithe ar naoi dtéama:

- An t-athrú aeráide agus an comhshaol;
- An tsláinte;
- Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist;
- An tAontas sa domhan mór;
- Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil;
- An t-aistriú digiteach;
- An daonlathas Eorpach;
- An imirce;
- Oideachas, cultúr, an óige agus an spórt.

Taobh thiar de na huimhreacha agus idir na línte de na moltaí nithiúla a cuireadh le chéile, tá fís ann d'Eoraip a éascaíonn saol laethúil na ndaoine i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha araon, a théann i ngleic leis na dúshláin a bhíonn romhainn ó ghlúin

[1]Léigh an tuarascáil deiridh ar ardán na Comhdhála.

go glúin agus, ar deireadh, a dhéanann beart de réir a briathair ó thaobh na nithe is tábhachtaí leis na daoine. An bia a itheann siad, an t-aer a análaíonn siad agus an nádúr a mbaineann siad taitneamh as. Rochtain a fháil ar chúram sláinte, oideachas agus tithíocht inacmhainne, agus a bheith slán sábháilte ina scoileanna agus ina dtithe.

Ar an iomlán, iarrtar sna tograí go ndíreoidh an Eoraip ar chosaintí sóisialta agus cothroime a chur ar fáil, agus ag an am céanna a luachanna agus an smacht reachta a chaomhnú. Leagtar béim iontu ar an ngá atá ann go gcomhthiomsódh an Eoraip a neart agus a héagsúlacht chun dul i ngleic le saincheisteanna is mó na linne seo – ó phaindéimí agus an cogadh go dtí na haistrithe glasa agus digiteacha nó an t-athrú déimeagrafach. Ar deireadh, téama a tháinig aníos sna réimsí éagsúla is ea gur gá don Eoraip a bheith níos neamhspleáiche agus níos ábalta soláthar a dhéanamh di féin i réimsí ríthábhachtacha amhail fuinneamh agus bia, amhábhair agus cógais inbhuanaithe, sliseanna digiteacha agus teicneolaíochtaí glasa, cibearshlándáil, slándáil agus cosaint. Le chéile, iarrtar leis na bearta atá molta ag an gComhdháil ar an Eoraip a bheith níos gníomhaí sna réimsí sin atá tábhachtach do dhaoine i dteannta a chéile nó ina n-aonar.

## Measúnú a dhéanamh ar na tograí

Chun obair leantach a dhéanamh ar thograí na Comhdhála ar an mbealach is trédhearcaí agus is dírí is féidir, ní mór anailís tosaigh a dhéanamh chun a fháil amach cad is gá chun na tograí a chur i bhfeidhm. **Chun go mbeidh an measúnú sin inchreidte, tá sé ríthábhachtach cloí go docht le spiorad agus le hábhar an mhéid a mholtar – gan aon athléiriú ná athroghnú.** Is é sin an rud a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. Tá na 49 dtograí roinnte sna réimsí téamacha céanna arna roghnú ag an gComhdháil, agus leagtar amach measúnú an Choimisiúin faoi gach réimse.

Leagtar amach san Iarscríbhinn ceithre chatagóir freagraí: tionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar na tograí; tograí a n-iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle iad a ghlacadh; gníomhaíochtaí atá beartaithe lena mbainfear amach sprioc na smaointe, agus machnamh nua ón gComhdháil curtha leo; agus tionscnaimh nua nó réimsí oibre nua ar spreagadh na tograí iad, a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin.

**Is é atá sa chéad chatagóir tionscnaimh atá cheana féin á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún agus a fhreagraíonn go díreach do na tograí.** D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, an Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid, réimse ina bhfuil reachtaíocht chun spriocanna aeráide an Aontais a chumhdach sa dlí tagtha i bhfeidhm cheana féin. Nó an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha lena gcinnteofar go mbeidh an timpeallacht ar líne ina spás sábháilte i gcónaí, rud a dhéanfaidh saoirse cainte agus deiseanna do ghnólachtaí digiteacha a chosaint. Áirítear ann freisin bunú HERA, an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte, chun cabhrú leis an Eoraip ullmhú agus freagairt níos fearr do bhagairtí sláinte trasteorann. Nó na comhaontuithe stairiúla ar thángthas orthu maidir le híosphá agus mná ar bhoird cuideachtaí. Áirítear leis freisin tionscnaimh nithiúla chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta na hEorpa agus an ról domhanda atá aici a neartú, mar shampla tríd an straitéis 'An Tairseach Dhomhanda' chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cliste, glan agus slán ar fud an domhain, i gcomhréir le luachanna an Aontais.

**Is é atá sa dara catagóir tograí atá déanta ag an gCoimisiún agus a bhfuil na comhreachtóirí ag obair orthu faoi láthair**. I gcásanna áirithe, tugann sé sin spreagadh breise chun dlús a chur leis an obair reachtach, mar shampla i dtaca leis an gComhshocrú

Nua maidir leis an Imirce agus Tearmann, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, nó tionscnaimh arb é is aidhm leo an geilleagar ciorclach a neartú i réimsí amhail cadhnraí nó táirgí inbhuanaithe. Áirítear ann freisin na tograí a rinneadh faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', atá riachtanach chun spriocanna aeráide na hEorpa a bhaint amach agus a spleáchas fuinnimh a laghdú freisin. Nó ár dtionscnamh chun athléimneacht agus ceannasacht teicneolaíochta an Aontais a threisiú trí bhearta amhail an Gníomh um Shliseanna.

**Is é atá sa tríú catagóir na réimsí sin ina bhfuil sé cheana féin beartaithe ag an gCoimisiún tograí a dhéanamh** agus ina gcuirfidh sé san áireamh na moltaí a rinne an Chomhdháil. Áirítear leis sin, an Gníomh um Shaoirse na Meán, a mbeidh sé d'aidhm aige iolrachas agus neamhspleáchas na meán i margadh inmheánach an Aontais a chosaint, sin agus togra reachtach arb é is aidhm leis ár soláthar amhábhar a neartú, rud atá ríthábhachtach don dá aistriú, nó an Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht. Nó an creat reachtach lena bhféachfar leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a luathú agus a dhéanamh níos éasca. Sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn, ceapfaidh an Coimisiún tograí a fhreagróidh go díreach do chuid de na tograí, cuir i gcás tograí maidir lenár nádúr a athbhunú nó cosc a chur ar tháirgí ar de thoradh saothar éigeantais iad dul isteach i margadh an Aontais.

Ar deireadh, **is é atá sa cheathrú réimse tograí a cheap an Chomhdháil atá go hiomlán nua nó a bhfuil codanna díobh nua** agus a bhfuil gá le tionscnaimh nó tograí nua ón gCoimisiún dá réir. I measc na réimsí ina bhfuil obair nua molta ag an gComhdháil, tá níos mó béime a leagan ar fheabhas a chur ar an tuiscint atá ag daoine ar shaincheisteanna meabhairshláinte agus tograí a cheapadh chun dul i ngleic leis sin ar bhealach níos fearr ar fud na hEorpa. Díríonn moltaí eile ar chothú agus ar shlándáil an tsoláthair bia, chomh maith le feabhas a chur ar fhaisnéis maidir le lorg éiceolaíoch táirgí agus leis an gcuntas teiste atá acu i dtaca le leas ainmhithe. Cuirtear chun cinn freisin cur chuige Eorpach comhordaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar an idirlíon dorcha, chomh maith le fócas níos láidre ar mhianadóireacht criptea-airgeadraí.

## Na prionsabail leantacha

Léirítear treo soiléir sa mheasúnú agus sainaithnítear réimsí ina mbeidh ar an gCoimisiún tograí a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún é sin **ar an mbealach is pragmataí is féidir**, bíodh sin trí an reachtaíocht nó ar shlí eile. Bainfidh sé leas iomlán as an gceart tionscnaimh atá aige faoi na Conarthaí, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus ar rialacha maidir le reachtóireacht níos fearr. Áirítear leis sin meastóireacht a dhéanamh ar thionchar dóchúil na roghanna beartais atá idir lámha, deimhin a dhéanamh de nach dtiocfadh aon iarmhairtí diúltacha chun cinn agus scrúdú a dhéanamh ar cé acu leibhéal is éifeachtaí ó thaobh cinnteoireachta de.

Is ceart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil go leor réimsí ann lena gceanglaítear ar an gCoimisiún **gníomhaíocht neamhreachtach** a dhéanamh, mar gheall ar inniúlacht reachtach theoranta nó mar gurb é sin an bealach is fearr chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach. Ar an dóigh chéanna, níl sé d'inniúlacht ag an gCoimisiún na tograí go léir a thabhairt ar aghaidh, agus d'fhéadfadh sé gurb iad institiúidí eile an Aontais, na Ballstáit nó údaráis áitiúla agus réigiúnacha is fearr a chuirfeadh tús le cuid acu.

Fógrófar an chéad sraith de thograí nua in **aitheasc an Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais** i mí Mheán Fómhair 2022, agus sa Litir Intinne a ghabhann leis. Beidh na tograí sin i measc na dtograí atá le cur san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin 2023. Ba cheart

go mbeadh roinnt acu freisin i measc na gcomhthosaíochtaí reachtacha a comhaontaíodh idir institiúidí an Aontais agus na Cláir Oibre a bheidh ag an gCoimisiún amach anseo.

## Conarthaí: An leas is fearr is féidir a bhaint as an méid atá againn, agus athrú a dhéanamh más gá

Agus obair leantach á déanamh ar na tograí sin, **ba cheart a bheith in ann athchóirithe agus beartais nua a chur i bhfeidhm agus ag an am céanna plé a dhéanamh faoi athruithe ar na Conarthaí.** Níor cheart athrú ar na Conarthaí a bheith ina chríoch ann féin agus i gcás fhormhór mór na mbeart, tá go leor ann is féidir agus is gá a dhéanamh faoi na conarthaí atá ann cheana. Díreach cosúil le téacsanna bunreachtúla na mBallstát, is ionstraimí beo iad conarthaí an Aontais. Le linn shainordú seo an Choimisiúin d'aontaigh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit leas iomlán a bhaint as conarthaí an Aontais, cuir i gcás nuair a bhí na billiúin vacsaíní á gcur ar fáil do shaoránaigh ar fud na hEorpa nó nuair a cuireadh tús le geilleagar na todhchaí trí NextGenerationEU. Le linn an ama sin, leag an tAontas bealach uaillmhianach síos atá ceangailteach ó thaobh an dlí de chun neodracht aeráide a bhaint amach, d'athdhear sé rialacha an chluiche sa saol digiteach agus thacaigh sé tríd an gclár SURE le gnólachtaí beaga a gcuid ball foirne a choinneáil le linn na paindéime. Bhíothas in ann an obair sin go léir a dhéanamh mar gheall ar thoil pholaitiúil na n-institiúidí agus iad ag obair go dlúth le chéile d'fhonn freagairt do phráinn na ndúshlán.

Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht neamhshaothraithe sna Conarthaí atá ann cheana a d'fhéadfadh freagairt do mholtaí na Comhdhála, go háirithe trí úsáid a bhaint as '**clásail passerelle**' **chun aistriú go dtí vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí áirithe beartais**. D'iarr an tUachtarán von der Leyen sin go sainráite ina Treoirlínte Polaitiúla agus san aitheasc ar Staid an Aontais, i réimsí amhail fuinneamh agus cánachas, agus i ngnéithe tábhachtacha den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála amhail smachtbhannaí agus cearta an duine.

Mar sin féin, tá roinnt de na smaointe a leagadh amach sa Chomhdháil fíornuálach ar fad, agus iarrann siad ar an Aontas bealaí nua a thógáil, bealaí nach bhfuil siúlta aige go fóill. Ina measc sin, tá roinnt tograí ann ina n-iarrtar go sainráite go n-athrófaí na Conarthaí. Áirítear leis sin réimsí amhail sláinte nó cosaint.

Tá fuinneamh nua cruthaithe ag an gComhdháil chun díriú ar an tionscadal Eorpach a athnuachan agus a fheabhsú, trí thógáil ar na nithe ar a bhfuil sé bunaithe agus iad a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá. Mar a luaigh an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ag an gComhdháil, **beidh an Coimisiún i gcónaí ar thaobh na ndaoine ar mian leo an tAontas Eorpach a athchóiriú chun go n-oibreodh sé ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí athrú a dhéanamh ar na Conarthaí, nuair a bheadh gá leis sin**.

Den mheon sin, is díol sásaimh don Choimisiún go bhfuil Parlaimint na hEorpa toilteanach, den chéad uair, úsáid a bhaint as na cumhachtaí a fuair sí faoi Chonradh Liospóin chun leasuithe ar na Conarthaí a mholadh. Tá roinnt réimsí leagtha amach ag an bParlaimint inar cheart athruithe ar na Conarthaí a phlé i g**Coinbhinsiún**, dar léi. Tá an Coimisiún réidh chun a ról institiúideach a fheidhmiú go hiomlán sa nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 48 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe chun a thuairim a thabhairt mar fhreagairt ar chomhairliúchán a dhéanfaidh an Chomhairle Eorpach.

# 3. AN TODHCHAÍ: SAORÁNAIGH A CHUR I gCROÍLÁR AN DAONLATHAIS EORPAIGH

Chomh maith le cáilíocht agus méid na dtograí beartais agus an spreagadh chun athchóiriú a dhéanamh, thug an Chomhdháil spléachadh freisin ar **an dóigh ar féidir le spás poiblí Eorpach teacht chun cinn go rathúil agus ar conas is féidir ár ndaonlathas a shaibhriú, ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil**, trí pháirt a thabhairt do na saoránaigh. Bhí na céadta comhrá agus plé i stíl 'halla an bhaile' nó 'siopa caifé' ar siúl i ngach cúinne den Eoraip a bhuí leis an gComhdháil. Le formáidí nua breithniúcháin – amhail an t-ardán digiteach ilteangach agus na Painéil Saoránach Eorpach – cuireadh ar chumas mhuintir na hEorpa a gcuid smaointe a roinnt maidir leis na saincheisteanna a mheas siad a bheith tábhachtach chun todhchaí ár nAontais a thógáil. Agus lorgaíodh tuairimí na ndaoine is deacra a bhaint amach, iad siúd nach mbíonn plé acu go minic leis an bpolaitíocht nó nár vótáil i dtoghcháin Eorpacha roimhe seo, b'fhéidir.

Bhí roinnt gnéithe nuálacha sa Chomhdháil a thugann treoir maidir leis an mbealach is fearr is féidir na saoránaigh a chur san áireamh nuair a bhíonn tosaíochtaí agus uaillmhianta á leagan síos, agus nuair a bhíonn beartais á gceapadh agus á ndéanamh ar an leibhéal Eorpach. Ag tógáil ar an gComhdháil agus ar na huirlisí atá aige cheana féin, **molfaidh an Coimisiún bealaí chun a chinntiú go dtabharfar an ról níos dlúithe sin do na saoránaigh i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais**.

Gné lárnach agus thar a bheith nuálach den Chomhdháil ba ea na **Painéil Saoránach Eorpach**. Thart ar 800 saoránach a roghnaíodh go randamach agus ar dhaoine óga iad an tríú cuid acu, tháinig siad le chéile le haghaidh trí sheisiún breithniúcháin ar leith agus rinne siad moltaí. Bhí roinnt Ballstát ann a d'eagraigh Painéil Saoránach Náisiúnta bunaithe ar na prionsabail chéanna chomh maith.

Ag cur leis an rath sin, **cuirfidh an Coimisiún ar chumas na bPainéal Saoránach plé agus moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí áirithe**, mar chuid dá cheapadh beartais níos leithne agus i gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr. Ag brath ar an tsaincheist, d'fhéadfadh painéil uile-Eorpacha nó painéil spriocdhírithe níos lú a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais ar leith. Faoi mar a bhí sa Chomhdháil, ba cheart na rannpháirtithe a roghnú go randamach. Ach ba cheart éagsúlacht agus déimeagrafaíocht na hEorpa a léiriú iontu freisin. Ba cheart daoine óga a bheith sa tríú cuid de na rannpháirtithe. I gcás inarb iomchuí, beidh 'tuarascáil saoránach' mar chuid den mheasúnú tionchair, tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na bpróiseas rannpháirteach agus breithniúcháin sin. Nuair is daoine óga iad na rannpháirtithe uile, is 'measúnú tionchair ó thaobh na hóige de' a thabharfaí air sin. **An chéad cheann de ghlúin nua sin na bPainéal Saoránach, seolfar é i gcomhthéacs an aithisc ar Staid an Aontais in 2022.**

Chuir an t**Ardán Digiteach Ilteangach** ar chumas na rannpháirtithe a smaointe a roinnt agus a phlé laistigh de chúpla clic, agus is ann a cuireadh ar siúl cuid mhór de na himeachtaí a eagraíodh ar fud na hEorpa faoi scáth na Comhdhála. Faoi mhí na Bealtaine 2022, thug beagnach 5 mhilliún cuairteoir aonair cuairt ar an Ardán Digiteach Ilteangach agus bhí os cionn 750,000 rannpháirtí ann, pléadh 18,000 smaoineamh, agus eagraíodh breis agus 6,500 imeacht.

D'iarr rannpháirtithe na Comhdhála go gcuirfí ardáin chomhairliúcháin ar líne ar bun agus, mar fhreagairt air sin, beidh **an tairseach 'Cloisimis Uait!'** de chuid an Choimisiúin ina hionad ilfhreastail maidir le rannpháirtíocht na saoránach ar líne, áit a dtabharfar le chéile an fhaisnéis go léir faoi shásraí rannpháirtíochta na saoránach atá ag feidhmiú sa Choimisiún.

Beidh na príomhghnéithe d'ardán digiteach ilteangach na Comhdhála comhtháthaithe sa mhol nua ar líne sin: malartuithe díreacha idir na saoránaigh, trí nótaí tráchta – a bheifear in ann a dhéanamh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a bhuí le eTranslation – ach freisin i bhfoirm pobalbhreitheanna ar líne agus trí imeachtaí rannpháirtíochta ar líne a óstáil. Is é a bheidh mar bhonn faoi éiceachóras nua na rannpháirtíochta daonlathaí agus na nuálaíochta.

Tá siad sin mar chuid d'iarrachtaí níos leithne an Choimisiúin daonlathas agus spás poiblí na hEorpa a neartú. Agus an choimhlint agus an t-údarásaíochas ag méadú ar fud an domhain, **ní mór aird a thabhairt ar an daonlathas agus ar an athléimneacht dhaonlathach agus iad a chothú níos mó ná riamh**. Faoin bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, tá bearta molta ag an gCoimisiún le déanaí chun páirtithe polaitiúla na hEorpa a neartú agus chun é a chur ar a gcumas dóibh dul i mbun feachtais thar theorainneacha, mar chuid de bhearta atá dírithe ar shláine toghchán agus ar dhíospóireacht dhaonlathach oscailte a chosaint. Tá tograí ceaptha aige freisin chun cearta shaoránaigh shoghluaiste an Aontais a chaomhnú agus a neartú, go háirithe i gcás na dtoghchán Eorpach. Ar an dóigh chéanna, mhol Parlaimint na hEorpa le déanaí **dlí toghcháin an Aontais** a athchóiriú agus rinne sí moltaí chun liostaí trasnáisiúnta a chur san áireamh sna chéad toghcháin Eorpacha eile. Tacóidh an Coimisiún le Parlaimint na hEorpa chun teacht ar chomhaontú maidir leis an dlí toghcháin sa Chomhairle.

Is deis é sin freisin chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an taithí a fuarthas sa Chomhdháil a úsáid ar mhaithe le féiniúlacht shibhialta Eorpach a chothú. Is éard a bheadh i gceist leis sin, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí leas a bhaint as an oideachas agus as an gcumarsáid chun an cineál sin rannpháirtíochta a fhorbairt.

## 4. CONCLÚID

Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht seo agus san iarscríbhinn a ghabhann léi, chuir an Chomhdháil neart ábhair oibre ar fáil ach tá go leor le foghlaim uaithi freisin, agus go leor gnéithe den Chomhdháil is féidir a choinneáil – go háirithe an fuinneamh agus an móiminteam i dtreo feabhas a chur ar an Eoraip agus cabhrú léi bogadh chun tosaigh. Cé go bhfuil an Chomhdháil féin críochnaithe, níltear ach ag cur tús leis an obair leantach ar na tograí soiléire a rinneadh chun an Eoraip a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhféadfaidh gach saoránach leanúint dá dtuairim a chur in iúl maidir leis na beartais a dhéanann difear dóibh.

Léirigh an Chomhdháil go bhfuil rún daingean ag muintir na hEorpa todhchaí níos fearr a thógáil. Feictear dóibh gur bealach é an tAontas Eorpach chun sin a bhaint amach agus teastaíonn uathu é a thógáil i gcomhar le hionadaithe tofa. Eoraip ina mbeidh an tsíocháin agus an rathúnas, an chothroime agus an dul chun cinn, Eoraip a bheidh sóisialta agus inbhuanaithe, Eoraip a thabharfaidh aire do dhaoine agus a mbeidh sé de mhisneach aici freisin beartais cheannasacha a chur chun feidhme a rachaidh chun tairbhe do na glúnta ar fad. Tá an fhís atá acu soiléir, agus leis an iliomad tionscnamh a leagtar amach sa Teachtaireacht seo cuirfear ar chumas an Choimisiúin tús a chur le gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís sin.

Freagracht chomhroinnte de chuid na n-institiúidí rannpháirteacha is ea an obair leantach ar thorthaí na Comhdhála, de réir a sainchúraim institiúidigh agus i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Beidh cumarsáid shoiléir agus éifeachtach ríthábhachtach san obair leantach sin, go háirithe chun a chinntiú go dtacóidh na saoránaigh léi agus chun muinín a chothú sa phróiseas agus i dtorthaí an phróisis. Chun saoránaigh a

choinneáil ar an eolas agus chun an fuinneamh a choimeád ag imeacht, eagrófar **Imeacht Aiseolais maidir leis an gComhdháil** i bhfómhar 2022. Cuirfear in iúl ag an imeacht sin conas atá ag éirí leis na trí institiúid de chuid an Aontais lena n-obair leantach agus déanfar machnamh ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag an gcéim sin den phróiseas. Deis a bheidh ann nasc soiléir aontaithe a chruthú idir torthaí na Comhdhála agus na gníomhaíochtaí a spreag sí a bheidh ann amach anseo.